

Doiciméid Aitheantais

Iarratas ó Dhuine Aonair

(Tomhaltóir, trádálaí aonair nó aon duine nádúrtha eile ar féidir leis no léi UPSP a chur ar fáil)

Cé na doiciméid aitheantais a bheidh ag teastáil uait?

Beidh cruthúnas ag teastáil uainn ar an méid seo a leanas

1. Do chéannacht
 2. Do sheoladh
 3. D'uimhir PSP
- Tá gá le doiciméid aitheantais chun d'iarratas a dheimhniú.
 - Úsáidimid an fhaisnéis seo (d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir PSP) chun a chinntiú go mbeimid in ann tú a aithint i gceart ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa, agus chun cuidiú leat do chearta a fheidhmiú faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013.
 - Foráiltear do phróiseáil na faisnéise seo san Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, arna leasú, agus sna Rialacháin ghaolmhara.

Le haghaidh iarratas ar líne: -

Uaslódail cóip inléite de dhoiciméad AMHÁIN as GACH ceann de na pointí thíos.

Le haghaidh iarratas poist:-

Seol cóip inléite de dhoiciméad AMHÁIN as GACH ceann de na pointí thíos.

Ná seol doiciméid bhunaidh.

1. Do chéannacht

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha):

- leathanach aitheantais agus sínithe do phas; nó
- an taobh aitheantais (grianghraf agus síniú) de do cheadúnas tiomána AE.

Má tá cóip de cheadúnas tiomána páipéir á cur ar fáil agat, déan cinnte go gcuireann tú na 3 leathanach ar fáil.

2. Do sheoladh

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheart go mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná dáta d'iarratais):

- bille fóntais nó bille líne thalún teileafóin;

- ráiteas ó bhanc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa;
- litir a bheidh dírithe ort ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- litir a bheidh dírithe ort ó aon chomhlacht reachtúil eile nó ó aon ghníomhaireacht Stáit eile; nó
- litir a bheidh dírithe ort ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais reatha.

3. Uimhir PSP

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil chun d'uimhir PSP a chruthú:

- litir a bheidh dírithe ort ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim ina dtaispeántar d'uimhir PSP;
- P21, Measúnú Cánach nó Fógra maidir le Creidmheasanna Cánach;
- admháil ar íocaíocht leasa shóisialaigh;
- cárta liachta nó cárta scéim íocaíochta drugaí (DPS); nó
- duillín pá, P60 nó P45.

Ní féidir linn glacadh le Cárta Seirbhísí Poiblí mar chruthúnas ar uimhir PSP nó ar chéannacht.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcoinneoidimid an fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil mar chruthúnas ar chéannacht go ceann tréimhse cúig bliana. Déanfar í a scriosadh ina dhiaidh sin.